



17/02/2014

## San eagrán seo:

## Inside this issue:

Plean Forbartha Scoile School Development Plan	1
Clós Uile-Aimsire All-weather Pitch	
Suirbhé Éide Scoile School Uniform Survey	2
Seirbhís Reiligiúnda Religious Ceremonies	2
Taispeántas Ealaíne Pupil's Art Exhibition 3 Márta	3
Scór na bPáistí 2014	3
Comhghairdeachas Leis an Múinteoir Ní Chearnaigh	3
Oíche Scannáin Movie Night	4
Ranganna Comhrá Gaeilge Conversational Irish classes for parents	4
Ceachtanna Bodhráin Bodhrán Lessons	4
Portráidí Scoile School Portraits	4

## NUACHTLITIR

## Gaeilscoil Thaobh na Coille

Beallairmín, An Chéim, B.Á.C. 18

## Plean Forbartha - Clós Uile-Aimsire : All-weather yard/pitch

Ba mhaith le Bord Bainistíochta Ghaelscoil Thaobh na Coille tabhairt faoi chlós/páirc uile-aimsire a chur ar shuíomh na scoile más féidir é. Is gá dúinn inniúchadh iomlán a dhéanamh an bplásóg féir atá ar thaobh na láimhe deise den scoil féachaint an bhfuil sé oiriúnach dona leithéid.

Ba mhaith linn coiste stiúrtha a chur le chéile a ghníomhóidh ar an dtionsamh seo. Más spéis leat lámh cúnta a thabhairt dúinn & má tá saineolas d'aon tsaghas agat (saineolas tógála, ailtireachta, suirbhéireachta, innealtóireachta, spóirt srl.) a chuideoidh linn leis an bhfiontar seo ba bhreá linn dá dtiocfá ar bord agus cabhrú linn.

Tá €70,000 sábháilte & curtha i leath-taobh ag an mBord go speisialta don tionsamh seo. Agus é sin ráite beidh orainn feachtas tiomsú airgid a eagrú le breis airgid a bhaillú mar go raibh ar a laghad dúbailt an méid sin ar na bun mheastacháin a fuairamar.

Táimid ar bís le tús a chur leis an bhfiontar seo. Tá cruinniú speisialta á eagrú againn sa scoil ar an Luan an 10 Márta ag a 7pm leis an dtionsamh seo a phlé & le coiste a chur le chéile. Tá bhúr gcabhair, saineolas agus bhúr ndíogras de dhíth orainn.

*The School's Board of Management are looking into the feasibility of developing an all-weather yard/pitch on the green area we have to the right of the school building. We need to see whether or not this is practical and financially viable as the site is limited in size and shape.*

*We are hoping to put together a steering committee to work on this project and bring it from an aspiration to a reality. If you are interested in helping out with this venture and if you have any sort of expertise (be it in construction, architecture, surveying, engineering, sporting, fundraising etc.) that may be useful for this project we would love you to come on board and help us out.*

*We are in a very good position financially as we have been saving away over the last number of years and have a nice starting pot of €70,000 set aside for this project. However we will have to set up a fundraising campaign specifically for this project as our initial quotes came in at least double that amount. We are really excited about this project and want to set the whole thing in motion as soon as possible. We will be holding a special meeting in the school to discuss this project and set up a steering committee on Monday evening the 10th of March at 7pm. Please come along, we need as much help, expertise & enthusiasm as we can get.*



Buaiteoirí Scór na bPáistí 2014

Tuilleadh Eolais ar leathanach 3 →

Seirbhísí

Reiligiúnda

Religious

Ceremonies



Dátaí don Dialann

R2

An Chéad Fhaoistin

First Confessions

Déardaoin 27/02/14

An Chéad

Chomaoineach

First Communion

Satharn 18/05/14

R6

Searmanas an tSolais

Service of Light

Déardaoin 06/03/14

An Chóineartú

Confirmation

Dé hAoine 28/03/14

Briseadh Meán Téarma  
Midterm Break

Scoil Dúnta : School Closed  
Déardaoin 20/02/14  
&  
Aoine 21/02/14

Survey Éide Scoile : School Uniform Survey

Tá iarrtha ag an Aire Oideachais & Scileanna ar scoileanna tuairimí tuismitheoirí a bhailiú maidir le héide scoile (ciorcalán 63/2013 Costas do Thuismitheoirí a Laghdú – Éide Scoile) . Tá Suirbhé ar-líne curtha le chéile againn dó seo atá ar leathanach 'baile' suíomh Ghréasáin na scoile [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) Nuair a théann tú ar shuíomh ghréasáin na scoile feicfidh tú an teachtaireacht seo a leanas.....

SUIRBHÉ ÉIDE SCOILE

A Thuismitheoirí, cliceáil ar an nasc thíos agus comhlíon an suirbhé led'thoil

Suirbhé N1-N2 [Click here to take survey](#)

Suirbhé R1-R3 [Click here to take survey](#)

Suirbhé R4 -R6 [Click here to take survey](#)

Cliceáil agus comhlíon an suirbhé don rang ina bhfuil an pháiste is sine atá agat sa scoil. Ní líonann tú an suirbhé ach uair amháin, cuma cé mhéad páiste atá agat sa scoil. Bheimís buíoch dá líonfadh tuismitheoirí uile na scoile an suirbhé 'Éide Scoile' roimh an Chéadaoin 19 Feabhra.

*In keeping with Circular 63/2013 (Reducing Costs to Parents – School Uniforms) the Minister for Education & Skills has requested all schools to consult with parents regarding school uniforms. We have designed an on-line survey for this purpose that can be accessed via the 'home' page of our school website [www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie) When you go to our website you will see the following message.....*

SCHOOL UNIFORM SURVEY

A Thuismitheoirí, please click on the link below and complete our survey

Uniform Survey N1-N2 [Click here to take survey](#)

Uniform Survey R1-R3 [Click here to take survey](#)

Uniform Survey R4 -R6 [Click here to take survey](#)

*Click on the survey link for the class your eldest child is in. You need only complete the survey once irrespective of how many children you have attending the school. We would appreciate it if all parents would complete this short survey by Wednesday the 19<sup>th</sup> of February.*

Éide Scoile Ghaelscoil Thaobh na Coille

Éadach 'cineálach' is iad na baill éadaigh seo dár n-éide scoile agus is féidir iad a cheannach i siopa ar bith.

*Many items of our uniform are generic and can there for be purchased in any of the large retail stores*

léine/blús bán : *white shirt/blouse*

léine polo bán : *white polo-shirt*

treabhsar dubhghorm : *navy trousers*

bróga dubha : *black shoes*

Is iad seo na baill éadaí saindeartha atá againn:

The following items are bespoke designs:

Geansaí/cairdeagan le suaithéantas na scoile  
*Jumper/cardigan (with school crest)*

carabhat breacán : *tartan tie*

pirilín/filleadh beag breacán

*tartan pinafore/kilt*

culaith spóirt le suaithéantas na scoile

*navy tracksuit (with school crest)*

Coiste na dTuismitheoirí

Mile buíochas as €10,000 a thiomsú don scoil

Thank you for raising €10,000 for the school

Buaiteoirí Scór na bPáistí  
Rince Fóirne



Laura Ní Chuinneagáin, Dónall Mac Duinnshléibhe  
Cara Ní Bhroin, Cian Ó Cathasaigh

## Taispeántas Ealaíne : Art Exhibition

Beidh taispeántas mór ealaíne againn sa scoil ar an Luan an 3 Márta. Beidh obair ealaíne na ndaltaí ar taispeáint i halla na scoile & iad frámaithe agus taispeáinte go proifisiúnta. Beidh an taispeántas ar oscailt i ndiaidh na scoile agus um thráthnóna le gur féidir le tuismitheoirí uile na scoile teacht chun é a fheiceáil. Tuilleadh eolais le teacht.

*We will be holding an art exhibition of the pupils work in the school on Monday the 3rd of March. The pupils art work will be professionally mounted and framed and exhibited in the school hall. The art exhibition will be open to parents and family after school and in the evening so that all parents have the opportunity to come along and view the great art works. More information to follow.*

## Scór na bPáistí 2014



Comhghárdeas leis na daltaí ar fad ó R4, R5 & R6 a ghlac páirt i Scór na bPáistí i gClub CLG Nmh Olaf ar an 05 Feabhra. Thart ar 55 dalta ar fad a ghlac páirt 'sna comórtais éagsúla idir Rince Fóirne, Rince Seite, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht, Ceol Uirlise, & Bailéad Ghrúpa. Tá ard-mholadh ag dul do gach duine acu as cé chomh maith is a bhí siad ar an lá. Mar bharr ar sin thugadar 4 sciath & Corn ar ais abhaile leo!

Bhuaigh Jack Breathnach an comórtas amhránaíocht aonair, bhuaigh Conor Ó Deaghaigh, Conor Ó Coigligh, Cian, Dónall & Dara ó R6 an comórtas Ceol Uirlise, bhuaigh Morgan, Alex, Breandán, Ciarán, Emma, Rachel Ní Thnúthail, Saoirse & Rachel Ní Lionnain ó rang a 5 an comórtas rince seite agus bhuaigh Laura, Dónaill, Cian & Cara ó R6 an comórtas rince fóirne.

*A big congratulations to all the pupils from R4, R5 & R6 who participated in Scór na bPáistí in St. Olafs GAA Club on the 5th of February. Approximately 55 pupils from Gaelscoil Thaobh na Coille competed in the various categories from Set Dancing, Solo singing, Recitation, Instrumental Music, & Ballad Group. All the pupils who participated did themselves and the school very proud. Not only did they put on a great show but they came back to school with 4 trophies & a cup for the best school!*

*Jack Breathnach from R4 won the solo singing competition, Conor Ó Deaghaigh, Conor Ó Coigligh, Cian, Dónall & Dara from R6 won the traditional music competition, Morgan, Alex, Breandán, Ciarán, Emma, Rachel Ní Thnúthail, Saoirse & Rachel Ní Lionnain from R5 won the set dancing competition and Laura, Dónaill, Cian & Cara from R6 won the figure dancing competition. The winners will go on to compete in the Dublin finals in April*



## Comhghárdeachas

Tháinig cuairteoir an-speisialta isteach leis na cailíní agus na buachaillí i rang N2A a fheiceáil. Comhghárdeachas leis an Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh as breith a h-iníon Aobha i mí Eanáir.

*A very special visitor came to see the boys and girls in Rang N2A. Congratulations to an Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh on the birth of her daughter Aobha in January.*





## Dátaí don DIALANN Dates for your Diary

## Beatha Teanga í a Labhairt

## Oíche Scannáin Movie Night



Do dhaltaí R3 go R6

Céadaoin 19/02/14

6.30pm

**'The CROODS'**

Ná déan dearmad cúisín a thabhairt libh!  
Please bring a cushion.

**Beidh popcorn & deoch ar fáil ar €2***Popcorn & drinks will be available for €2*

Is faoi na tuismitheoirí atá sé feitheoireacht a dhéanamh ar a gcuid páistí nuair atá siad sa scoil don oíche scannáin. Caithfear fanacht sa halla i rith an scannáin.

*Parents must supervise their children at all times during the movie night. Children are to remain in the Halla for the duration of the movie.*



## Ranganna Comhrá Gaeilge Conversational Irish for Parents

Ranganna Comhrá Gaeilge do Thuismitheoirí  
*Irish Conversational Classes for Parents*

Leibhéal: Tosaitheoirí &amp; Méan Leibhéal

*Level: Beginners & Intermediate*

Ionad: Gaelscoil Thaobh na Coille

Oíche Mháirt *Tuesday Evening* 8pm go 9pmRanganna ag tosú ar an 18<sup>ú</sup> Feabhra 2014*Classes will begin on the 18<sup>th</sup> of February 2014***Costas €60 ar 8 rang**Chun áit a chur in áireamh, déan teagmháil le *To book a place, contact*Neasa 087-6833466, [Neasa.athey@gmail.com](mailto:Neasa.athey@gmail.com)

nó

Fiona 087-9619910, [ni.cheill@hotmail.com](mailto:ni.cheill@hotmail.com)

## Ceachtanna Bodhráin : Bodhrán Lessons

Beidh ceachtanna bodhráin ag tosú sa scoil ar an Aoine an 28<sup>ú</sup> do mhí Feabhra. Má tá spéis agat do pháiste a chlárú do na ceachtanna seo déan teagmháil le Shane de Buitleír : ar an nguthán 087-2585407 nó ar r-phost : [kffdublin@hotmail.com](mailto:kffdublin@hotmail.com)



*Bodhrán classes will begin in the school on Friday February 28<sup>th</sup>. If you are interested in enrolling your child in these classes please contact Shane de Buitleír by phone 087-2585407 or by e-mail : [kffdublin@hotmail.com](mailto:kffdublin@hotmail.com)*

Dé hAoine *Friday* 2.30pm - 3.15pm.Téarma 1 *Term one* (7 weeks 28/02/2014-11/04/2014): **Costas €56**Téarma 2 *Term two* (8 weeks 02/05/2014-20/05/2014): **Costas €64**

Beidh íocaíocht ag teastáil ag tús an dá théarma.

*Payment is required at the beginning of both terms.*

## Portráidí Scoile : School Portraits



I mbliana tá Coiste na dTuismitheoirí ag obair le 'Anchorbird Photography' le hairgead a bhailiú don Scoil trí phortráidí scoile a ghlacadh de na daltaí. Tuismitheoir de chuid na scoile is ea an griangrafadóir Maoilíosa Nic Conmara (Mamaí Joe i R1A ) agus d'ofráil sí a seirbhís agus a cuid ama a thabhairt ar mhaithe le hairgead a thiomsú don scoil. Beidh 100% den bhrabús a faightear ón ngriangrafadóireacht á fháil ag an scoil. Ghlac Maoilíosa portráidí de dhaltáí R6 anuraidh ar lá an Chóineartú agus bhí gach duine an-shásta leo. Tá samplaí dá cuid oibre le feiceáil ar an gclár fógraí amuigh sa chlós. Seo bhúr seans portráid álainn a fháil de do pháiste/pháistí agus cabhrú le hairgead a thiomsú don scoil ag an am céana. **Beidh sí ag tosú leis na daltaí i ranganna na naíonáin.** Beidh tuile eolais ar teacht chugaibh i bhfoirm nóta sa mhála scoile.

*This year Coiste na dTuismitheoirí are working with 'Anchorbird Photography' to raise money for the school by taking school portraits of the pupils. The photographer Maoilíosa Nic Conmara is a parent in the school (Joe in R1A's mammy) and she has offered her services and time to raise money for the school. Please note that 100% of the profits from the photography will go into the school. Maoilíosa took portraits of our sixth class pupils on their Confirmation day last year and everyone was very happy with them. You can see examples of her work on the notice board outside in the yard. This is the perfect opportunity for you to get a lovely school portrait of you child/children while supporting the school at the same time. She will start by photographing the infant classes and work upwards from there. Keep an eye out for more information that will be sent out to you in the form of class notices in the school bags.*